2025/1728

11.8.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1728 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Lúnasa 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta um chruthúnais tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 66(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ag an 16ú cruinniú de Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an 'Comhchoiste') an 7 Nollaig 2023, ghlac an Comhchoiste Cinneadh Uimh. 1/2023 ([2]) maidir leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an 'Coinbhinsiún PEM'). Tháinig an Cinneadh sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.

(2) Ag an 17ú cruinniú den Chomhchoiste an 12 Nollaig 2024, ghlac sé Cinneadh Uimh. 2/2024 ([3]) lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 chun forálacha idirthréimhseacha a chur leis na leasuithe ar Choinbhinsiún PEM a bhí le bheith infheidhme ón 1 Eanáir 2025.

(3) Beidh feidhm ag na forálacha idirthréimhseacha go ceann tréimhse bliana ón 1 Eanáir 2025, ar forálacha iad lena ndéantar foráil maidir le rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh ([4]), agus rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM arna leasú le Cinneadh Uimh. 1/2023.

(4) Tá an dá shraith sin infheidhme i gcomhthráth, rud lena gcruthaítear dhá chrios shainiúla carntha. Dá bhrí sin, chun go mbeidh an t-onnmhaireoir in ann stádas tionscnaimh na n-earraí a chinneadh le haghaidh na n-ábhar sin a chomhlíonann an dá shraith rialacha tionscnaimh, ba cheart don soláthróir a chur in iúl cén creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh sa dearbhú soláthróra. An dearbhú soláthróra in Iarscríbhinní 22-15 go 22-18 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ([5]) ón gCoimisiún, ba cheart é a leasú dá réir sin.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 61(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, féadfaidh soláthróirí dearbhuithe soláthróra a sholáthar tráth ar bith fiú tar éis na hearraí a sheachadadh agus de réir Airteagal 62(2), pointe (b), den Rialachán sin, tá na dearbhuithe soláthróra fadtéarmacha le tarraingt suas le haghaidh coinsíneachtaí a sheoltar le linn tréimhse nach ceart a bheith níos faide ná 12 mhí roimh dháta eisiúna an dearbhaithe soláthróra fhadtéarmaigh nó níos faide ná 6 mhí tar éis an dáta sin. Chun úsáid a bhaint as dearbhuithe soláthróra a eisíodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le haghaidh stoic ábhar a bunaíodh tar éis an 1 Eanáir 2025, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 2/2024.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.

([2]) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 i dtaca leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).

([3]) Cinneadh Uimh. 2/2024 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 12 Nollaig 2024 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste chun forálacha idirthréimhseacha a chur leis na leasuithe ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara is infheidhme ón 1 Eanáir 2025 (IO L, 2025/17, 9.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/17/oj).

([4]) IO L 54 an 26.2.2013.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 61 mar a leanas:

(a) i mír 1a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Sonróidh soláthróirí an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh. Maidir leis na dearbhuithe soláthróra a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig 2025, i gcás nach sonraítear an creat dlíthiúil sin, mar réamhshocrú, measfar go luaitear sa dearbhú soláthróra gur úsáideadh rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1b:

'1b. Chun críche trádála idir na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM, féadfaidh an t-onnmhaireoir na dearbhuithe soláthróra a úsáid mar dhoiciméid tacaíochta chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú gluaiseachta a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas i gcomhréir le rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, arna leasú le Cinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste (*), nuair a luaitear sna dearbhuithe soláthróra an stádas tionscnaimh i gcomhréir le rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, le haghaidh táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3, 16 (le haghaidh táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe.

Déanfaidh an t-onnmhaireoir gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le carnadh agus le cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas de réir tacar sonrach rialacha tionscnaimh.'

_____

(*) Cinneadh Uimh. 1/2023 ó Chomhchoiste an Choinbhinsiúin Réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara an 7 Nollaig 2023 i dtaca leis an leasú ar an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L, 2024/390, 19.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/390/oj).'

(2) Leasaítear Airteagal 62 mar a leanas:

(a) i mír 1a, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Sonróidh soláthróirí an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh. Maidir leis na dearbhuithe soláthróra a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig 2025, i gcás nach sonraítear an creat dlíthiúil sin, mar réamhshocrú, measfar go luaitear sa dearbhú soláthróra gur úsáideadh rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1b:

'1b. Chun críche trádála idir na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún PEM, féadfaidh an t-onnmhaireoir na dearbhuithe soláthróra a úsáid mar dhoiciméid tacaíochta chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú gluaiseachta a eisiúint nó chun dearbhú tionscnaimh a tharraingt suas i gcomhréir le Coinbhinsiún PEM, arna leasú le Cinneadh Uimh. 1/2023(*) ón gComhchoiste, nuair a luaitear sna dearbhuithe soláthróra an stádas tionscnaimh i gcomhréir le rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, maidir le táirgí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3, 16 (le haghaidh táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe.

Déanfaidh an t-onnmhaireoir gach beart is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le carnadh agus le cruthúnas tionscnaimh a eisiúint nó a tharraingt suas de réir tacar sonrach rialacha tionscnaimh.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinní 22-15 go 22-18 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Lúnasa 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní 22-15 go 22-18 a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn 22-15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (3):

'(3) Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch a fháil i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthróirí an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.

I gcás inar Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM atá sa tír, sa ghrúpa tíortha nó sa chríoch, agus nach sonraítear creat dlíthiúil, measfar, mar réamhshocrú, maidir leis na dearbhuithe soláthróra a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig 2025, go luaitear sna dearbhuithe sin gur úsáideadh rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.';

(2) in Iarscríbhinn 22-16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (5):

'(5) Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch a fháil i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthróirí an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.

I gcás inar Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM atá sa tír, sa ghrúpa tíortha nó sa chríoch, agus nach sonraítear creat dlíthiúil, measfar, mar réamhshocrú, maidir leis na dearbhuithe soláthróra a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig 2025, go luaitear sna dearbhuithe sin gur úsáideadh rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.';

(3) in Iarscríbhinn 22-17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (5):

'(5) Le líonadh isteach i gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin. Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch a fháil i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthróirí an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.

I gcás inar Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM atá sa tír, sa ghrúpa tíortha nó sa chríoch, agus nach sonraítear creat dlíthiúil, meastar, mar réamhshocrú, maidir leis na dearbhuithe soláthróra a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig 2025, go luaitear sna dearbhuithe sin gur úsáideadh rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.';

(4) in Iarscríbhinn 22-18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (6):

'(6) Le líonadh isteach i gcás inarb ábhartha, agus sa chás sin amháin. Tír, grúpa tíortha nó críoch lena mbaineann. Nuair is féidir tionscnamh fabhrach táirge ó thír, ó ghrúpa tíortha nó ó chríoch a fháil i gcomhréir le níos mó ná riail tionscnaimh amháin, sonróidh na soláthróirí an creat dlíthiúil a úsáidtear chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.

I gcás inar Páirtí Conarthach i gCoinbhinsiún PEM atá sa tír, sa ghrúpa tíortha nó sa chríoch, agus nach sonraítear creat dlíthiúil, measfar, mar réamhshocrú, maidir leis na dearbhuithe soláthróra a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig 2025, go luaitear sna dearbhuithe sin gur úsáideadh rialacha tionscnaimh Choinbhinsiún PEM, ina leagan bunaidh, chun tionscnamh na n-earraí a chinneadh.'.